



## Teideal an Fhíseáin: Céard a chiallaíonn sé domsa nuair a cheannaítear earraí agus seirbhísí ar cairde?

Ar cheannaigh tú aon ní ar an láthair nó ar líne trí úsáid a bhaint as **creidmheas gearrthearma** riamh?

Ciallaíonn sé sin go bhféadfá **íoc ina iomláine níos déanaí** nó **íoc ina thráthchodanna** thar thréimhse ghearr.

Is ionann nithe a cheannach sa bhealach sin agus **iasacht a úsáid** fiú nuair **nach ngearrtar aon ús ort**.

D'fhéadfadh cineál creidmheasa a thairiscint duit i **siopaí ilrannacha, comhlachtaí díoltóireachta carranna** nó **ar líne** chun íoc as **earraí agus seirbhísí**.

I measc na samplaí tá **fruilcheannach, pleananna conartha pearsanta, fruilíú ag tomhaltóir agus ceannaigh anois agus íoc níos déanaí**.

Is cuma céard atá á cheannach agat, ba cheart duit smaoineamh an bhfuil na cineálacha creidmheasa seo **ceart do do chuid riachtanas**.

D'fhéadfadh **táillí breise** le haghaidh riaracháin nó le haghaidh íocaíochtaí caillte a áireamh sna comhaontuithe creidmheasa sin.

Más iasacht **€500 nó níos mó** atá i gceist, ní mór don soláthróir creidmheasa an fhaisnéis sin a chur isteach chuig an **bPríomh-Chlár Creidmheasa**.

Tá Banc Ceannais na hÉireann anois ag **rialú creidmheas gearrthearma**.

Ní mór do **ghnólachtaí a chinntiú** go bhfuil creidmheas ar bith a thairgtear duit **oiriúnach do do chuid riachtanas**.

Ní mór dóibh freisin **faisnéis** a chur ar fáil duit chun **rogha bunaithe ar fhaisnéis** a dhéanamh.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag: [centralbank.ie/ceannaigharcairde](https://centralbank.ie/ceannaigharcairde)